Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Márta 2025
(OR. en)

7482/25

**Comhad Idirinstitiúideach: 2023/0288(COD)**

SOC 175
EMPL 118
CODEC 339
STATIS 11
ECOFIN 347

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 25 Márta 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 134 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN<br>CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA<br>de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh<br>maidir leis an<br>seasamh ón gComhairle i dtaca le glacadh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh mhargadh saothair an Aontais Eorpaigh i dtaca le gnólachtaí, lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 530/1999 ón gComhairle agus Rialacháin (CE) Uimh. 450/2003 agus (CE) Uimh. 453/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 134 final.

Faoi iamh: COM(2025) 134 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 25.3.2025
COM(2025) 134 final

2023/0288 (COD)

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN**
**CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

**de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh**

**maidir leis an**

**seasamh ón gComhairle i dtaca le glacadh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh mhargadh saothair an Aontais Eorpaigh i dtaca le gnólachtaí, lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 530/1999 ón gComhairle agus Rialacháin (CE) Uimh. 450/2003 agus (CE) Uimh. 453/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN
CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

**de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh**

**maidir leis an**

**seasamh ón gComhairle i dtaca le glacadh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh mhargadh saothair an Aontais Eorpaigh i dtaca le gnólachtaí, lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 530/1999 ón gComhairle agus Rialacháin (CE) Uimh. 450/2003 agus (CE) Uimh. 453/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

## 1. CÚLRA

| | |
|---|---|
| An dáta a tíolacadh an togra chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (doiciméad COM(2023) 459 final – 2023/0288 COD): | An 28 Iúil 2023 |
| Dáta na tuairime ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa: | N/B |
| Dáta an tseasaimh ó Pharlaimint na hEorpa, an chéad léamh: | An 24 Aibreán 2024 |
| An dáta a tarchuireadh an togra leasaithe: | An 21 Deireadh Fómhair 2024 |
| An dáta a glacadh an seasamh ón gComhairle: | An 24 Márta 2025 |

## 2. CUSPÓIR AN TOGRA ÓN gCOIMISIÚN

Is é is aidhm don togra an creat dlíthiúil atá ann faoi láthair a nuachóiriú le haghaidh staidreamh an mhargaidh saothair Eorpaigh i dtaca le gnólachtaí. Is iad is príomhchuspóirí dó an creat rialála a oiriúnú ionas go mbeidh níos mó solúbthachta ann maidir le freastal ar riachtanais sonraí atá ag teacht chun cinn, feabhas a chur ar an tráthúlacht agus cumhdach an staidrimh a shíneadh chuig an ngeilleagar ar fad, úsáid foinsí agus modhanna nuálacha sonraí a chur chun cinn, agus a áirithiú go gcuireann na Ballstáit uile sonraí maidir leis an mbearna phá idir na hinscní ar fáil.

Bainfear na cuspóirí sin amach leis na príomhghnéithe seo a leanas sa togra: i) Cumhachtaítear an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe agus gníomhartha cur chun feidhme, liosta na dtopaicí mionsonraithe agus saintréithe an tsoláthair sonraí a mhodhnú chomh maith le sonraí *ad hoc* a shainiú; ii) síntear cumhdach na mbailiúchán sonraí maidir le struchtúr tuillimh agus struchtúr na gcostas saothair chuig an roinn 'Riarachán

poiblí agus cosaint; slándáil shóisialta éigeantach' den Aicmiú Staidrimh maidir le Gníomhaíochtaí Eacnamaíocha (NACE) agus síntear staidreamh maidir le folúntais chun an geilleagar ar fad a chumhdach i ngach tír (tá micreaghnólachtaí díolmhaithe ó bhailiúcháin sonraí maidir le struchtúr na gcostas saothair, áfach, chun teorainn a chur leis an ualach tuairiscithe atá orthu); iii) cuirtear feabhas ar an tráthúlacht le haghaidh innéacs ráithiúil na gcostas saothair agus le haghaidh sonraí maidir leis an struchtúr tuillimh 4 bliana, agus tugtar isteach tobmheastacháin luatha ar innéacs na gcostas saothair. Gné den togra freisin is ea bailiúchán sonraí éigeantach a thabhairt isteach maidir leis an mbearna phá idir na hinscní.

## 3. TRÁCHTANNA MAIDIR LEIS AN SEASAMH ÓN gCOMHAIRLE

Leis an seasamh ón gComhairle mar a glacadh é ar an gcéad léamh, léirítear go hiomlán an comhaontú polaitiúil ar tháinig Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle air an 12 Nollaig 2024. Glacann an Coimisiún leis an gcomhaontú foriomlán. Is iad seo a leanas príomhphointí an chomhaontaithe sin:

Le Rialachán athbhreithnithe (CE) Uimh. 223/2009 maidir le staidreamh Eorpach, go sonrach le hAirteagal 17c, sainordaítear go saineofar leis an reachtaíocht earnála catagóirí na sonraí pearsanta is féidir a fháil ó shealbhóirí sonraí príobháideacha. Chun rochtain ar shonraí pearsanta a éascú chun críocha staidreamh an mhargaidh saothair, tá foráil bhreise ionchorpraithe in Airteagal 3, 'Foinsí agus modhanna'.

Tá coimircí prionsabalbhunaithe curtha leis i ndáil leis na gníomhartha tarmligthe agus leis na gníomhartha cur chun feidhme d'Airteagal 4. Leis na coimircí sin, cuirtear i bhfáth a thábhachtaí atá sé an t-ualach ar fhreagróirí a íoslaghdú agus staidéir indéantachta nó treoirstaidéir atá maoinithe ag an Aontas a dhéanamh sula molfaí aon ghníomh tarmligthe nó aon ghníomh cur chun feidhme. An tréimhsiúlacht, na tréimhsí tagartha agus na spriocdhátaí tarchuir maidir le topaicí mionsonraithe atá san Iarscríbhinn cheana, ní leasófar iad trí bhíthin gníomh tarmligthe. Le gníomhartha tarmligthe, féadfar na paraiméadair thuasluaite a leagan amach le haghaidh topaicí mionsonraithe nua agus lena n-aghaidh sin amháin.

Leis an gcomhaontú, cuirtear rialacha nua maidir le táirgeadh sealadach sonraí in ionad fhorálacha an togra ón gCoimisiún maidir le ceanglais sonraí *ad hoc*. Tá teorainneacha tugtha isteach maidir le minicíocht, bliain an tabhairt isteach, agus fad an tsoláthair sonraí.

Fad na maoluithe féideartha ón Rialachán agus ó ghníomhartha cur chun feidhme agus ó ghníomhartha tarmligthe an Rialacháin sin, rinneadh é a cheangal le tréimhsiúlacht an bhailithe sonraí. Beidh feidhm ag maolú 4 bliana maidir le bailiúcháin ilbhliantúla sonraí, beidh feidhm ag maolú 2 bhliain maidir le tréimhsiúlachtaí bliantúla, agus beidh feidhm ag maolú 1 bhliana amháin maidir le bailiúcháin ráithiúla sonraí. I gcásanna a bhfuil údar cuí leo, féadfaidh an Coimisiún maolú breise 1 bhliana amháin eile a dheonú agus sin neamhspleách ar an tréimhsiúlacht.

Ós rud é go nglacfar an Rialachán seo níos déanaí ná mar a bhí beartaithe ar dtús, athraíodh roinnt de na chéad tréimhsí tagartha ó 2026 go 2027.

Is ar bhonn deonach a sholáthrófar innéacsanna ráithiúla na gcostas saothair iomlán agus na n-uaireanta a oibrítear.

Ní thugtar isteach, leis na leasuithe ón bParlaimint ná leis na leasuithe ón gComhairle, ualach breise féideartha ar riaracháin nó ar ghnólachtaí. Is é is aidhm shainráite do na coimircí atá beartaithe ag an gComhairle costas nó ualach mór breise ar na Ballstáit nó ar fhreagróirí a sheachaint.

Meabhraíonn an Coimisiún gur diancheanglas faoin Rialachán Airgeadais é infhaighteacht an chistithe agus go bhfuil an comhaontú gan dochar don togra a bheidh ann amach anseo ón gCoimisiún maidir leis an gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile.

## 4. CONCLÚID

Glacann an Coimisiún le torthaí na caibidlíochta idirinstitiúidí agus, dá bhrí sin, is féidir leis glacadh leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh.